

Cineálacha Gaeilge

‘Teanga neamhfhorleathan’ a thugtar ar an nGaeilge in amanna, téarma nach dtugann a cheart don réimse leathan comhthéacsanna ina n-úsáidtear í. Is gnáth-theanga phobail í sna ceantair Ghaeltachta. Is teanga chomhluadair í i measc cairde agus gaolta. Is ann di sa chraoltóireacht, sna meáin shóisialta agus sna heaglaisí. Is meán teagaisc í i scoileanna agus i gcoláistí tríú leibhéal. Déantar reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach a aistriú go Gaeilge. Tá traidisiún fada litríochta aici, agus litríocht chomhaimseartha atá ilghnéitheach, bríomhar. Is ar éigean, mar sin, a d’fhéadfadh cineál amháin Gaeilge a bheith ann, ach cineálacha Gaeilge a oireann do riachtanais úsáideoirí éagsúla le haghaidh cuspóirí éagsúla. Is é atá san alt gairid seo ná cur síos ar na stíleanna agus na réimeanna a úsáidtear i measc cainteoirí Gaeilge. Lena chois sin, mínítear na bealaí ina bhfreastalaítear ar fhoirmeacha éagsúla na teanga beo in *New English-Irish Dictionary* (NEID), an mórfhoclóir ar líne as ar baineadh *Concise English-Irish Dictionary*.

Teanga scríofa agus teanga labhartha

Le fada riamh, dhéantaí teangacha a dheighilt idir an focal scríofa agus an focal labhartha. Inniu, tá an bhearna sin cúngaithe go mór, sa chaoi is gur ‘téacs’ a thugann teangeolaithe ar aonad teanga ar bith, bíodh sé ina chonradh fostaíochta nó ina thráchtáireacht ar chluiche iomána.

Drochiarsma a bhaineann leis an déscaradh ‘scríofa vs labhartha’ is ea an tuiscint gur fearr an focal scríofa ná an focal labhartha i ngach cás. Measadh an teanga labhartha a bheith scaoilte, neamhbhuan, earráideach. Bhíodh foclóirithe agus gramadóirí ag brath chomh mór sin ar shamplaí ón litríocht agus ó ábhair fhoilsithe nach bhféadfaidís léargas ceart a thabhairt ar ghnáthúsáid sa phobal teanga. Féachann NEID le cothromaíocht a bhaint amach idir réimeanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta agus léiriú dílis a thabhairt ar na cineálacha Béarla agus Gaeilge atá in úsáid inniu. Chuige sin, iarradh ar na haistritheoirí na hiontrálacha Béarla a thiontú go Gaeilge de réir a ngnáthúsáide féin. In áit a bheith ag tarraingt ar sheanfhoclóirí, d’fhiafraíodh na haistritheoirí díobh féin ‘cad é mar a déarfainn féin é sin i nGaeilge?’ Bíodh is gur cuireadh roinnt aistriúcháin bhreise leis an bhfoclóir le linn chéim na heagarthóireachta, tá NEID ina scáthán chomh dílis agus is féidir ar ghnásanna na teanga beo.

Teanga fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta

Is deacair sainmhíniú cuimsitheach a thabhairt ar cad is teanga fhoirmeálta nó neamhfhoirmeálta ann. Bíodh sin mar atá, aithnímid go léir na réimeanna éagsúla sna frásaí thíos.

Foirmeálta	Neamhfhoirmeálta
<i>Dia daoibh, a dhaoine uaisle.</i> Hello, ladies and gentlemen.	<i>Haigh, a chairde.</i> Hi, guys.
<i>An sínfeá chugam an salann, más é do thoil é?</i> Could you please pass the salt?	<i>Cuir chugam an salann, maith an fear.</i> Pass the salt, good man yourself.

Foirmeálta	Neamhfhoirmeálta
<i>Is oth linn a rá nár éirigh leat an post a bhaint amach.</i> We regret to inform you that you have not been given the position.	<i>Ní bhfuair tú an jab, ar an drochuair.</i> You didn't get the job, unfortunately.
<i>Tar anseo, le do thoil.</i> Come here, please.	<i>Goitse!</i> C'mere!

Inniu, is é nós na foclóireachta dátheangaí cead isteach a thabhairt do leaganacha neamhfhoirmeálta, de réir mar is cuí. Leanann NEID an nós sin. Féach, mar shampla, na ceannfhocail *shout*, *state* agus *ton*. Tugtar an bhunchiall i dtús gach iontrála agus leaganacha agus nathanna neamhfhoirmeálta ina dhiaidh sin.

it's my shout! mise a cheannóidh an ceann seo!, mise a gheobhaidh an deoch seo!, liomsa an deoch seo!

the house was in a right state bhí an teach bunoscionn, bhí an teach ina phraiseach

there are tons of things to do tá neart rudaí le déanamh, tá dalladh rudaí le déanamh, tá scata rudaí le déanamh

Rinneadh gach iarracht freastal ar Bhéarla na hÉireann, 'Béarla na sráide' san áireamh.

chipper (*fish and chip shop*) siopa sceallóg

gargle (*inf: alcoholic drink*) ól m1, deoch f; **he was very fond of the ~** bhí an-dúil san ól aige, bhí sé tugtha don deoch, d'ólfadh sé an chros den asal

savage (*outstanding*) iontach a1; **he's a ~ player** is imreoir den scoth é, imreoir nótaílte is ea é; **that was a ~ film** sárscannán a bhí ansin, bhí an scannán sin ar fheabhas, bhí an scannán sin thar cionn

Cuireadh an nod *inf* (*informal*) leis an bhfocal *gargle* chun a chomharthú gur i gcaint na ndaoine a úsáidtear é le cur síos ar dheochanna meisciúla. Ach is ealaín chaolchúiseach é lipéad 'foirmeálta' nó 'neamhfhoirmeálta' a chur le ceannfhocal. Go pointe éigin, beidh úsáideoirí ag brath ar a gcuid eolais ar an mBéarla mar threoir. Is tábhachtaí fós na lipéid atá curtha leis na haistriúcháin Ghaeilge, ar fhaitíos go roghnófaí leagan nach mbeadh oiriúnach don chomhthéacs. Cuir i gcás, is cabhair d'fhoghlaimeoirí é fios a bheith acu gur leagan foirmeálta é 'ospidéal meabhairghalair' agus gur le caint na ndaoine a bhaineann leaganacha ar nós 'teach na ngealt' agus 'an teach mór': is cinnte nár cheart an dá leagan sin a lua i bplé poiblí ar chúrsaí meabhairshláinte.

Gan amhras, tá a lán cainteoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge ag cur fúthu i dtíortha thar lear, go háirithe i Meiriceá Thuaidh. Is fíor chomh maith go bhfuil tionchar Bhéarla Mheiriceá ag fás ar fud an domhain. Dá bhrí sin, is iomaí nath agus cor cainte Meiriceánach in NEID, leithéidí *bum* (fear/bean déirce) agus *hang tough* (cos a chur i dtaca).

Éiríonn ceist seo na réime níos cigiltí fós de réir mar a thaistealaímid an speictream ó neamhfhoirmeálta go dtí fíor-neamhfhoirmeálta agus as sin go dtí 'garbh' nó 'graosta.' Má tá teanga neamhfhoirmeálta le clúdach in NEID, ní féidir cosc a chur ar chaint gháirsiúil ná ar bhéarlagair na collaíochta; ní de chúram na foclóireachta é cinsireacht a dhéanamh. Cá bhfios nach gcuirfidh na haistriúcháin Ghaeilge deireadh leis an achasán síoraí úd, go bhfuil an Ghaeilge gann ar fhocail a bhaineann le cúrsaí gnéis.

I measc na n-aistriúchán Gaeilge in NEID, tá roinnt focal a fuarthas ar iasacht ón mBéarla le blianta beaga anuas agus roinnt frásaí a bhfuil rian cora cainte Béarla le brath orthu. Cuid mhór acu seo, tá siad coitianta sa chaint le fada, bíodh is nach bhfacthas cheana i bhfoclóir dátheangach iad.

arrive he was there when I ~d bhí sé ann nuair a bhain mé an áit amach, bhí sé ann nuair a leaindeáil mé

towel to throw in the ~ an tuáille a chaitheamh isteach, éirí as, géilleadh

trip (*drug experience*) truíp f2; **he had a bad ~** bhí drochthruip aige

Tá daoine ann a gheobhaidh locht ar ‘leaindeáil’, ‘drochtruíp’ agus ‘an tuáille a chaitheamh isteach’ ar an ábhar gur den bhéarlachas iad, i.e. Gaeilge a bhfuil rian an Bhéarla le brath uirthi. Déanfaidh daoine eile a rogha féin de na haistriúcháin éagsúla agus aithneoidh siad go bhfuil gach ceann acu le fáil sa teanga bheo. Le fírinne, is áit nach raibh ‘leaindeáil’ le fáil i bhfoclóir riamh go dtí seo. Tá sé ina fhocal coitianta Gaeilge le céad bliain, ar a laghad, agus tagairtí scríofa ann mar fhianaise air sin.

Ní hé ár ngnó dul siar ar na seanchonspóidí faoi ‘fhocail iasachta’ nó ‘Béarla agus sintí fada air’. Mar sin féin, ní miste a mhíniú cén chaoi ar tháinig focail mar ‘leictreachas’ agus ‘abdóman’ in áit focail ‘ghlan-Ghaeilge’ mar ‘aibhléis’ agus ‘bolg.’ Is fiú a lua i dtús báire nach iasachtaí ón mBéarla ar chor ar bith iad leithéidí ‘leictreachas’ agus ‘abdóman’ ach focail thraslitrithe – míreanna Gréigise agus Laidine arna gcur in oiriúint do ghnásanna litrithe agus moirfeolaíochta na Gaeilge. Le tamall maith de bhlianta anuas, tá scríbhneoirí, eagarthóirí, aistritheoirí, craoltóirí, oideachasóirí agus téarmaolaithe ag dul i leith an traslitriú a úsáid go córasach chun úsáid na Gaeilge ina sainréimsí oibre a éascú. Ní de ghrá na héascaíochta amháin a dhéantar é sin, ach ar mhaithe le cruinneas. Ní miste don ghnáthdhuine ‘bolg’ a rá in áit ‘abdóman’ – go deimhin, tugtar ‘bolg’ in NEID agus an chiall sin luaite leis. Ach tagann deacrachtaí chun cinn nuair a úsáidtear an focal i gcomhthéacs teicniúil. Féach, mar shampla, an sainmhíniú ar *abdomen* ar www.hopkinsmedicine.org:

The area between the chest and the hips *containing the stomach*, small intestine, large intestine, liver, gallbladder, pancreas, and spleen.

Níl dealramh ar bith air sin, a rá gur sa bholg atá an bolg. Tá feidhm, mar sin, leis an leagan traslitrithe, ‘abdóman’.

Caithfear a ceart a thabhairt don éascaíocht chomh maith. Focal coitianta is ea ‘aibhléis’, a thugtar in NEID agus an chiall *electricity* leis. Ach is fusa go mór leas a bhaint as an bhfocal traslitrithe ‘leictreachas’ le téarmaí gaolmhara mar *thermoelectricity* agus *electron* a chur ar fáil i nGaeilge. Fiú amháin coincheap chomh bunúsach le *electrician*, ba dheacair é a chur in iúl gan traslitriú. Tuigtear ‘leictreoir’ lom láithreach, agus má tá *electricista* sa Spáinnis agus *Elektriker* sa Ghearmáinis, ní léir cad chuige nach mbeadh ‘leictreoir’ sa Ghaeilge.

Tharla go bhfuil roinnt bheag focal in NEID ar iasachtaí sa chiall is cruinne iad, ach is ó theangacha seachas an Béarla a fuarthas a bhformhór mór. Tá an lipéad *foreign* curtha le téarmaí cultúrtha ar nós *sushi* agus *karaoke* agus tugtar iad taobh lena leaganacha traslitrithe: ‘súisí’ agus ‘cáirióice.’ Déanfaidh dream nach fiú na leaganacha traslitrithe a chur ar fáil. Dream eile, ní bheidh moill orthu iad a úsáid. Ní féidir a thuar roimh ré cad iad na focail thraslitrithe a mbeidh glacadh ag an bpobal teanga leo. Cibé faoi sin, caithfear cuimhneamh go bhfuil na focail thraslitrithe faoi réir rialacha gramadaí na Gaeilge. ‘Tá dúil mhór aici i gcáirióice,’ an t-aistriúchán atá ar *she really likes karaoke* agus ‘oíche cháirióice’ atá ar *an evening of karaoke*. Más í an fhoirm iasachta a úsáidtear, ní bhíonn claochlú tosaigh ná aon athrú gramadaí eile i gceist: ‘Tá dúil aici in karaoke’ agus ‘oíche karaoke.’ Tabhair faoi deara gur ‘in’ a thagann roimh an ainmfhocal iasachta, díreach mar a bhíonn i gcás logainmneacha iasachta nach ndéantar traslitriú orthu: ‘in Twickenham’ ach ‘i dTamhlacht.’

Teanga theicniúil agus teanga neamhtheicniúil

Comhartha sóirt eile a bhaineann le réim fhoirmeálta is ea téarmaí teicniúla a bheith in úsáid de rogha ar pharafrasaí nó gnáthfhocail. In imeachtaí dlí, deirtear gur ‘féimhithe’ atá an té nach bhfuil a sháith airgid aige le fiacha a ghlanadh. Is dócha gur ‘bancbhriste’ a bheadh an duine céanna i dtuairiscí nuachta agus i gcomhthéacsanna neamhfhoirmeálta. Sa reachtaíocht Éireannach, roghnaíodh ‘muirear teaghlaigh’ le *household charge* a aistriú, bíodh is gur tuisce a rithfeadh ‘táille’ le cainteoirí Gaeilge.

In NEID, cuirtear na lipéid *technical term* (sa leagan ar líne) nó *fml* (sa leagan clóite) le focail mar ‘féimheach’ agus ‘muirear’. Corruair, cuirtear na lipéid *familiar* (sa leagan ar líne) nó *fam* (sa leagan clóite) le focail chomhchiallacha nach téarmaí teicniúla iad. Tabhair do d’aire nach ‘Gaeilge na sráide’ ná focail ísealréime iad ‘bancbhriste’ agus ‘táille’. Is é atá iontu focail atá in úsáid choitianta lasmuigh de na sainréimsí dlí agus reachtaíochta.

Tá a leithéid de threoir riachtanach chun nach mbeidh meascán réimeanna ann. Níor cheart, mar shampla, friotal thar a bheith teicniúil a úsáid i gcomhthéacs neamhfhoirmeálta, mar atá déanta san abairt seo a baineadh as gné-alt taistil, ag cur síos ar chóras na mbusanna poiblí i Stáit Aontaithe Mheiriceá:

De ghnáth, is mar gheall ar imthosca foircneacha a bheadh duine mífhortúnach ag taisteal i gceann acu.

Dá n-aistreofaí an abairt go Béarla, is é a bheadh ann:

Usually it’s because of extreme circumstances that an unfortunate person would travel on one.

Is saintearma dlí é ‘imthosca foircneacha’ (*extreme circumstances*) nach n-oireann don chomhthéacs ar chor ar bith. Tá aistriúcháin níos oiriúnaí le fáil in NEID:

- *by force of circumstance*/de bharr riachtanais
- *under exceptional circumstances*/i gcúinsí eisceachtúla

Corruair, roghnaítear leagan neamhfhoirmeálta, nó leagan ísealréime féin, i gcomhthéacs neamhoiriúnach. Féach, mar shampla, an líne seo as bileog eolais mar gheall ar thurais threoraithe timpeall foirgneamh rialtais i mBaile Átha Cliath: ‘Má tá moltaí agaibh chun an tseirbhís a fheabhsú, beimid ar mhuin na muice iad a chloisteáil.’ Is aistriúchán é sin ar *if you have any suggestions for improving our service, we will be glad to hear them*. Ar an drochuair, níl ‘ar mhuin na muice’ ina aistriúchán beacht ar *to be glad*, ó thaobh na céille ná ó thaobh na réime de.

Bíonn rogha le déanamh idir gnáthfhocail agus focail eile nach bhfuil thar a bheith teicniúil ach a bhfuil blas níos foirmeálta orthu. Féach an frása ‘tráth nach déanaí ná’ san Acht Craolacháin (2009).

Déanfar gearán faoi fho-alt (1) leis an gcráoltóir tráth nach déanaí ná 30 lá ... tar éis dháta an chraolta.

A complaint under subsection (1) shall be made to the broadcaster not more than 30 days after ... the date of broadcast.

I dtéacsanna nach bhfuil chomh foirmeálta céanna, is dócha gur ‘taobh istigh de 30 lá’ a scríobhfadh duine. Caolseans go ndéarfaí ‘tráth nach déanaí ná’ i ngnáthchomhrá Gaeilge, ach oiread le *at a date no later than* i ngnáthchomhrá Béarla.

Ag leibhéal an fhocail, bíonn rogha le déanamh idir péirí focal a chuirtear i láthair taobh le taobh i bhfoclóirí agus i liostaí téarmaíochta, ceann acu ina ghnáthfhocal agus ceann eile ina fhocal níos foirmeálta. Ina measc sin tá ‘polasaí’ agus ‘beartas’ (*policy*), ‘comhlacht’ agus ‘cuideachta’ (*company*) agus ‘timpeallacht’ agus ‘comhshaol’ (*environment*). Tugtar tús áite in NEID do na focail is coitianta agus cuirtear lipéid mar *technical term* nó *formal* leis na focail eile.

Caighdeán agus canúint

Ar na téacsanna foirmeálta a chuirtear ar fáil i nGaeilge, tá na cinn seo a leanas:

- Doiciméid oifigiúla, m.sh. reachtaíocht Éireannach agus Eorpach, doiciméid chúirte.
- Doiciméid leathoifigiúla a fhoilsíonn comhlachtaí stáit, m.sh. tuarascálacha bliantúla, suíomhanna gréasáin, ábhair eolais.
- Ábhair acadúla agus ábhair thaighde, m.sh. tráchtas, ailt agus monagraif.
- Téacsleabhair agus ábhair oideachasúla.

Is gnách, sna hábhair sin, tús áite a thabhairt don chaighdeán scríofa de rogha ar na foirmeacha canúna a fhaightear sna trí mhórchanúint a labhraítear i gceantair Ghaeltachta sa Mhumhain, i gConnachta agus i gCúige Uladh. Tá difríochtaí fóineolaíochta suntasacha idir na canúintí sin ach, ó tharla nach bhfuil coinbhinsiúin chomhaontaithe ann maidir le foghraíocht na Gaeilge, ní féidir a mhaíomh go bhfuil bealach amháin ‘níos caighdeánaí’ ná a chéile chun focal a fhuaimniú. Dá bhrí sin, tugtar trí leagan de gach taifeadadh fuaime ar www.focloir.ie: leagan Connachtach, leagan Muimhneach agus leagan Ultach. Dar ndóigh, tá difríochtaí fóineolaíochta taobh istigh de na mórchanúintí féin; ní mar a chéile a fhuaimnítear focail áirithe i gConamara agus i Maigh Eo. Ar an drochuair, ní hindéanta do NEID fuaimniú gach uile cheantar Gaeltachta a léiriú.

Is ar an ngramadach agus ar an litriú a bhíodhas ag díriú nuair a tosaíodh ar an nGaeilge a chaighdeánú. Sa bhliain 1958, d’fhoilsigh Rannóg an Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil*. Ní fada go raibh an leagan giorraithe den teideal, *An Caighdeán Oifigiúil* (CO), in úsáid le cur síos ar an nGaeilge chaighdeánach scríofa.

Sa réamhrá leis an gcéad eagrán den CO, dearbhaíodh gur chun críocha oifigiúla a ceapadh é. Lena chois sin, luadh go raibh éileamh níos leithne ann ar leagan caighdeánach den Ghaeilge scríofa. Ainmníodh múinteoirí, drámadóirí, scríbhneoirí agus craoltóirí i measc na ndreamanna a rachadh an CO chun sochair dóibh. Is beag scríbhneoir cruthaitheach a d’fhan dílis don CO, ach is fíor go raibh a thionchar le brath go fada fairsing taobh amuigh de Thithe an Oireachtais. Le fíorbheagán eisceachtaí, ba de réir an CO a dhéanadh comhlachtaí poiblí doiciméid ‘leathoifigiúla’ a chur ar fáil le haghaidh pobal léitheoireachta náisiúnta. Bunús na dtéacsleabhar scoile, chloígh siad leis an CO. Fiú sna meáin chlóite agus sna meáin chraolta, bhíodh eagarthóirí ag iarraidh foirmeacha canúna a sheachaint. Tuigeadh do dhaoine gurb é an CO an bealach ‘ceart’ leis an nGaeilge a scríobh i ngach uile chás. Mithuiscint íoróineach é sin, nuair a chuimhnítear ar an bhfoláireamh a thug údair an CO sa réamhrá le heagrán 1958:

Tugann an caighdeán seo aitheantas ar leith d’fhoirmeacha agus do rialacha áirithe ach ní chuireann sé ceartfhoirmeacha eile ó bhail ná teir ná toirmeasc ar a n-úsáid.

Is é an CO atá fós i réim i ndoiciméid oifigiúla agus leathoifigiúla ach le blianta beaga anuas tá stíleanna eile ag teacht chun cinn atá faoi anáil an CO ach nach gcloíonn leis go huile is go hiomlán. Is gnách le tuairisceoirí agus láithreoirí Nuacht TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta a gcanúintí féin a úsáid, comhartha eile go bhfuil an bhearna idir an teanga scríofa agus an teanga labhartha á cúngú. In earnáil an oideachais, níltear ag cloí go docht le foirmeacha an CO. I measc na dtorthaí foghlama atá luaite in *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí* le haghaidh scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna (An Roinn Oideachais, 2017), moltar gur cheart deis a thabhairt don scoláire ‘a stíl scríbhneoireachta féin a fhorbairt ag baint úsáid as teanga chruinn, shaibhir (ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí).’ Bítear ag súil le scoláirí a bheith ábalta dealú idir na canúintí éagsúla agus ‘teanga labhartha chruinn, shaibhir, chanúnach a thuiscint’. Sa Tuaisceart, ceadaíonn na húdaráis oideachais foirmeacha malartacha a bhaineann le canúint Uladh, le go mbeidh blas Ultach ar théacsanna atá de réir an CO den chuid is mó.

Tá roinnt leasuithe déanta ar an CO ó foilsíodh an chéad eagrán in 1958 agus tá gnásanna nua tagtha chun cinn sa teanga scríofa nach bhfuil luaite sa CO ar chor ar bith. Le blianta beaga anuas, tá roinnt eagraíochtaí i ndiaidh a gcuid treoracha stíle féin a chur ar fáil. I gcásanna áirithe, imíonn na treoracha stíle sin ón gcaighdeán scríofa de réir mar atá leagtha amach in *An Caighdeán Oifigiúil: Caighdeán Athbhreithnithe* (2012) agus *Gramadach na Gaeilge: an Caighdeán Oifigiúil* (2017).

Cloíonn NEID leis na foirmeacha gramadaí atá molta in CO 2017, amach ó roinnt bheag eisceachtaí. Chuige sin, bhí foireann NEID ag tarraingt ar thaighde maidir le húsáid reatha sa phobal teanga, ar chomhairle saineolaithe agus ar mhionchíoradh ar na foirmeacha atá leagtha amach i bhfoinsí údarásacha mar *Foclóir Gaeilge-Béarla* Néill Uí Dhónaill (FGB) agus *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*. Tá cuntas ar na difríochtaí is suntasaí le fáil san alt ‘Pointí Gramadaí’ thíos.

Leaganacha caighdeánacha agus leaganacha malartacha

Is le foilsiú FGB in 1977 a tháinig cur chuige córasach i bhfeidhm den chéad uair maidir le héagsúlacht focal ó chanúint go chéile. Bhí an ghné seo d’obair an fhoclóra thar a bheith dúshlánach nuair a bhí a oiread sin leaganacha éagsúla d’fhocail ardmhinicíochta i ndiaidh teacht chun cinn sna canúintí éagsúla. Is féidir na difríochtaí canúna a rangú ina dtrí chatagóir.

1. Focail a bhfuil ciall faoi leith leo i gcanúint amháin agus ciall eile i gcanúintí eile. I nGaeilge Uladh, tá an dá chiall leis an bhfocal ‘sciathán’: ‘eiteog’ agus ‘lámh/géag’. Tá an dara ciall sin in easnamh sna canúintí eile. I nGaeilge Chonnacht, tugtar ‘gasúr’ ar pháiste, beag beann ar inscne. I gCúige Uladh, is páiste fireann nó buachaill a thuigtear as i gcónaí.
2. Focail chomhchiallacha mar ‘fóirsteanach’, ‘feiliúnach’ agus ‘oiriúnach’. Bíodh is go bhfuil an chiall chéanna leo (*suitable*), is focal ar leith atá i ngach focal acu, murab ionann agus leaganacha d’aon fhocal amháin.
3. Focail mar ‘mada’, ‘madadh’ agus ‘madra’ ar leaganacha canúna d’aon fhocal amháin iad.

I gcás focail i gcatagóir 3, mhol FGB leagan amháin mar leagan caighdeánach (‘madra’). Tugtar ‘mada’ agus ‘madadh’ mar fhoirmeacha malartacha. Cloíonn NEID le litriú agus moirfeolaíocht na leaganacha caighdeánacha in FGB, amach ó dhornán beag eisceachtaí.

Chun go léireodh NEID saibhreas na Gaeilge beo, baintear úsáid as focail a bhaineann le catagóirí 1 agus 2 thuas. Mar sin de, tugtar ‘sciathán’ mar rogha chun an focal *arm* a aistriú, agus ‘gasúr’ le haghaidh *child*. Tá ‘fóirsteanach’ agus ‘feiliúnach’ tugtha mar aistriúcháin ar *suitable*, beag beann ar an gcanúint réigiúnach lena mbaineann siad.

Catagóir 1	Catagóir 2
arm N ① ANAT lámh <i>f2</i>, géag <i>f2</i>, sciathán <i>m1</i> child N ① (<i>young person</i>) páiste <i>m4</i>, leanbh <i>m1</i>, gasúr <i>m1</i>	suitable ADJ oiriúnach <i>a1</i>, fóirsteanach <i>a1</i>, feiliúnach <i>a1</i>

Is deacair cuntas a thabhairt ar na hathruithe céille a thagann ar fhocail áirithe ó chanúint go chéile. Le fírinne, is gnó d’fhoclóir Gaeilge-Béarla nó d’fhoclóir aonteangach Gaeilge é an t-aistriú céille sin a rianú. Féach, mar shampla, na focail ‘beatha’ agus ‘breac’ a bhfuil na cialla *life* agus *trout* faoi seach leo sna canúintí go léir. Ach tá cialla tánaisteacha leis an dá fhocal, leis: bia nó cothú i gcás ‘beatha’ agus iasc de shórt ar bith i gcás ‘breac.’ Is i nGaeilge Chonnacht is láidre atá an dá chiall sin, ach is ann dóibh i gcanúintí eile chomh maith. Róshimpliú a bheadh ann an lipéad ‘Connachtach’ a chur leo.